CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2298 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Samhain 2022

lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le própaconasól lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireadh própaconasól san áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8. Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 86 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, measadh é a bheith formheasta go dtí an 31 Márta 2020 faoin Rialachán sin faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE.

(2) An 1 Deireadh Fómhair 2018, cuireadh isteach iarratas i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 chun athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le próp aconasól lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 ("an t-iarratas").

(3) An 8 Feabhra 2019, chuir údarás inniúil meastóireachta na Fionlainne in iúl don Choimisiún gur chinn sé, de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go raibh gá le meastóireacht iomlán ar an iarratas. De bhun Airteagal 8(1) den Rialachán sin, tá an t-údarás inniúil meastóireachta le meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an iarratas laistigh de 365 lá tar éis a bhailíochtaithe.

(4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/27 ón gCoimisiún ([3]), cuireadh ar atráth go dtí an 31 Márta 2021 dáta éaga an fhormheasa maidir le próp aconasól lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 ionas go mbeidh go leor ama ann chun scrúdú a dhéanamh ar an iarratas.

(5) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/354 ón gCoimisiún ([4]), cuireadh ar atráth arís, go dtí an 31 Nollaig 2022, dáta éaga an fhormheasa maidir le próp aconasól lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8.

(6) An 2 Meitheamh 2021, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta an tuarascáil mheasúnaithe agus conclúidí a mheastóireachta faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ("an Ghníomhaireacht"). Laistigh de 270 lá tar éis don Ghníomhaireacht moladh a fháil ón údarás inniúil meastóireachta, déanfaidh sí tuairim maidir le hathnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) An 9 Márta 2022, ghlac an Ghníomhaireacht a tuairim ([5]) maidir le hathnuachan ar fhormheas próp aconasóil i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, Lch. 1.

([2]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, Lch. 1).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/27 ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2020 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le próp aconasól lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 (IO L 8, 14.1.2020, Lch. 39).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/354 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2021 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le próp aconasól lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 (IO L 68, 26.2.2021, lch. 219).

([5]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha maidir leis an iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí: próp aconasól, Cineál táirge: 8, ECHA/BPC/324/2022, a glacadh an 9 Márta 2022.

(8) Ós rud é go bhfuil própaconasól aicmithe mar shubstaint thocsaineach le haghaidh an atáirgthe de chatagóir 1B i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), comhlíonann sé na critéir eisiaimh a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Thairis sin, meastar go bhfuil airíonna réabtha inchrínigh ag própaconasól a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le héifeachtaí díobhálacha ar an duine, agus dá bhrí sin go gcomhlíonann sé an critéar eisiaimh a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointe (d) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Cé go bhfuil obair leanúnach á déanamh ar an scrúdú chun cinneadh a dhéanamh an gcomhlíontar ar a laghad coinníoll amháin den chéad fhomhír d'Airteagal 5(2) den Rialachán sin, agus an bhféadfaí an formheas maidir le própaconasól a athnuachan dá bhrí sin, ní fhéadfar an scrúdú seo a thabhairt chun críche roimh dhul in éag don fhormheas reatha.

(9) Dá bhrí sin, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an iarratasóir orthu, an formheas maidir le própaconasól lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8, is dócha go rachaidh sé in éag sula mbeidh cinneadh déanta maidir lena n-athnuachan. Dá bhrí sin, is iomchuí dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth go ceann tréimhse leordhóthanach chun gur féidir nós imeachta iomlán scrúdú an iarratais a thabhairt chun críche. Agus á chur san áireamh an t-am is gá chun measúnú a dhéanamh an bhfuil ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha atá sa chéad fhomhír d'Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 á chomhlíonadh, agus an t-am chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh athnuachan a dhéanamh ar fhormheas própaconasóil lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8, ba cheart an dáta éaga a chur ar atráth go dtí an 31 Nollaig 2023.

(10) Tar éis dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth, leanfaidh própaconasól de bheith formheasta lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Dáta éaga an fhormheasa maidir le própaconasól lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/354, cuirfear ar atráth go dtí an 31 Nollaig 2023 é.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).